**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000057/2017**
**ar an gCoimisiún**
Rule 128
**Bernd Lange, Daniel Caspary, David Martin**
, thar ceann An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Ábhar: Rialú ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2017 maidir leis an CST idir AE agus Singeapór.

Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú saorthrádála idir AE agus Singeapór i Márta 2010. Chríochnaigh AE agus Singeapór an chaibidlíocht i gcomhair comhaontú saorthrádála cuimsitheach i nDeireadh Fómhair 2014. An 4 Márta 2015, chinn an Coimisiún tuairim a iarraidh ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) maidir le hinniúlacht AE an Comhaontú Saorthrádála le Singeapór a shíniú agus a dhaingniú. Trí bheagnach gach foráil den CST idir AE agus Singeapór a chur laistigh d'inniúlacht eisiach an Aontais, tá soiléireacht ann de bharr rialú na Cúirte (an 16 Bealtaine 2017). Fágann an cinneadh go bhfuil féidearthachtaí nua ann mar aon le roghanna beartais atá le déanamh, agus an gá torthaí nithiúla caibidlíochta a bhaint amach laistigh de thréimhse réasúnta ama á chur i gcuntas.

1. I dtuairim an Choimisiúin, cén tionchar atá ag Tuairim CBAE ar leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit maidir leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór (Nós Imeachta Tuairime 2/15) a thabhairt chun críche faoi shainorduithe todhchaíocha chun comhaontuithe trádála agus na nósanna imeachta maidir lena ndaingniú a chaibidliú?

2. Maidir le sainorduithe caibidlíochta todhchaíocha, conas a áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh idirdhealú follasach iontu idir inniúlachtaí eisiacha agus inniúlachtaí roinnte AE.

3. Maidir le nósanna imeachta daingniúcháin comhaontuithe saorthrádala todhchaíocha, conas a áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh siad ina léiriú ar dháileadh na n-inniúlachtaí, mar atá le tuiscint ó thuairim CBAE?

Curtha síos: 22.6.2017
Curtha ar aghaidh: 26.6.2017
Spriocam le haghaidh freagra: 3.7.2017